

Teideal

Cód Iompair

Ráiteas Tosaigh

Cuireadh an Plean seo le chéile i gcomhairle le foireann iomlán na scoile, le daltaí, leis na tuismitheoirí agus an mBord chun go mbeadh polasaí cuimsitheach ar fáil do phobal na scoile a chabhródh linn atmaisfear, sábháilte, sona a chur ar fáil do chách. Baineadh úsáid as treoirínte an NEWB “Cód Iompair a Fhorbairt” Treoirínte i gcomhair Scoileanna. Cuireadh an plean seo le chéile le linn an chéad tearma den scoilbhliain 2008/09.

Rinneadh an plean seo a aithbhreithniú i mí Dheireadh Fomhair agus na Samhna 2014 i gcomhairle leis an mbord, an fhoireann agus le Coiste na dTuistí.

Rinneadh an plean seo a aithbhreithniú i mí Dheireadh Fomhair 2015.

Rinneadh an plean seo a aithbhreithniú i mí Mheán Fomhair 2016

Rinneadh an plean seo a aithbhreithniú i mí Dheireadh Fomhair 2017

Rinneadh an plean seo aithbhreithniú i mí Feabhra 2018

Rinneadh an plean seo a aithbhreithniú i mí Lúnasa 2020, le cúrsaí COVID-19 a áireamh.

Réasúnaíocht

Cuireadh an Cód Iompair le chéile mar

- Go mbeidh polasaí reatha na scoile ar pháipear
- Chun timpeallacht ordúil le haghaidh na foghlama a chinntiú sa scoil
- gur ceanglas é faoi Chiorclán ROE 20/90 ar Smacht ar Scoil
- go dteastaíonn uainn comhphobal sláintiúil, eagraithe, sona a chothú sa scoil agus is fusa é sin a dhéanamh nuair a tá gach duine soiléir maidir lena bhfuilimid ag súil.
- Is ceanglas é faoin Acht Oideachais (Leas), 2000, Alt 23 (1) a dhéanann tagairt don cheanglas ar scoileanna cód iompair a ullmhú i leith na mac léinn atá cláraithe sa scoil
- Go mbeidh cur chuige comhaontaithe i leith dea-iompar a mhealladh agus drochiompar a chlaoch-chlú chun cinn sa scoil.

Gaol le spiorad sáimiúil na scoile

Sí Fís Ghaelscoil Bhaile Brigín ná timpeallacht foghlamtha dearfach, taitneamhach oscailte a chothú, áit go ndéantar céiliúradh, mealladh agus spreagadh ar fhéiniúlacht an pháiste.

Mar Ghaelscoil, cothaímid grá agus tuiscint don Teanga Gaelach, don chultúr agus do nósanna Gaelacha. ‘Sí Gaeilge teanga na scoile agus cuirfear í chun cinn i mbealach dearfach tríd pobal iomlán na scoile

Cothaíonn ár scoil timpeallacht ina spreagtar agus mealltar daltaí agus múinteoirí araon.

Mar phairtnéirí san oideachas, cuirtear fáilte roimh agus spreagtar tuismitheoirí chun ról lárnach a ghlacadh i ngach gné de shaol na scoile.

Spreagtar meas agus cúram dár dtimpeallacht i bpobal iomlán na scoile

Is Gaelscoil idirchreidmheach í seo agus cothaítear meas agus tuiscint ar thraidisiúin Chaitlicigh agus Phrotastúnaigh

Tríd an polasaí seo, teastaíonn uainn suíomh a chothú a chabhróidh linn fíis na scoile, luaite thuas a chomhlíonadh.

Aidhmeanna

- Cinntiú go gcuirtear timpeallacht oideachasúil ar fáil atá treoraithe ag ár ráiteas físe

- A chur ar chumas na scoile feidhmiú ar bhealach ordúil ionas gur féidir le leanaí dul chun cinn a dhéanamh i ngach gné dá bhforbartha
- Atmaisféar a chruthú ina bhfuil meas agus tuiscint ar a chéile agus ina nglactar le daoine go hoscailte
- Iompar dearfach agus féinsmacht a chothú, ag tabhairt airde ar na difríochtaí idir leanaí agus an gá le freastal ar na difríochtaí sin
- Sábháilteacht agus dea-bhraistint gach ball den phobal scoile a chinntiú
- Cabhrú le tuismitheoirí agus daltaí tuiscint a fháil ar na córais agus na nósanna imeachta atá mar chuid den chód iompair agus a gcomhoibriú a lorg agus na nósanna imeachta sin á gcur i bhfeidhm
- Cinntiú go gcuirtear an córas rialacha, duaiseanna agus smachtbhannaí i bhfeidhm ar bhealach cothrom agus comhleanúnach ar fud na scoile
- Chun suíomh oscailte, sábháilte a chruthú don phobal scoil iomlán, a chinntiú go leiríonn gach duine meas ar a chéile, orthu féin, ar thimpeallacht na scoile agus ar an nGaeilge.
- Chun freagracht a spreagadh sna daltaí chun aire a thabhairt dá gcuid iompair féin.
- Go bhfaighidh gach aon pháiste an deis machnamh ar a ról agus ar an éifeacht atá ag a c(h)uid gníomhaíochtaí ar an dtimpeallacht agus ar daoine eile.
- Go gcloífid le Polasáí Labhairt na Gaeilge na Scoile.

1. Treoirínte faoi iompar sa scoil

- Tá muid ag tnúth le dea-iompar ó gach dalta agus go léireoidh gach dalta tuiscint ar leanaí eile agus ar dhaoine fásta
- Tá muid ag tnúth leis go léireoidh gach dalta meas ar mhaoín na scoile, maoín leanaí eile agus ar a maoín féin
- Tá muid ag tnúth leis go bhfreastalóidh gach dalta ar scoil ar bhonn rialta agus go mbeidh siad ann in am
- Tá muid ag tnúth leis go ndéanfaidh gach dalta a d(h)ícheall ar scoil agus san obair bhaile.
- Tá muid ag súil le go mbeadh gach dalta ag cloí le Polasáí Labhairt na Gaeilge agus go ndéanfaidh gach duine a ndícheall an Ghaeilge labhartha a chur chun cinn.
- Tá muid ag tnúth leis go leireofaí meas ar thimpeallacht na scoile agus ar an timpeallacht i gcoitinne agus go dtuigfidh siad a ról ina leith don saol amach anseo.

Déanfaidh an príomhoide cinnte de sula gcláróidh sí leanbh mar mhac léinn sa scoil, go gcuirfí cóip den chód iompair i leith na scoile ar fáil do thuismitheoirí an linbh sin. Beidh ar thuistí na ndaltaí, mar choinníoll glactha sa scoil é a chur i scríbhinn gur leigh, thuig agus ghlac siad le gach a bhí ann agus go ndéanfaidh siad gach iarracht a chinntiú go gcomhlíonfaidh a leanbh é. Míneofar é seo go beacht ag cruinnithe réamhchláracháin agus ag an gCruinniú Cinn Bliana gach bliain le cinntiú go dtuigeann gach duine ábhar an pholasáí. Tabharfar deis do thuistí ceisteanna a chur ina thaobh ionas go gcinnteofar go dtuigtear ina iomláine é.

2. Cur chuige na scoile uile maidir le hiompar dearfach a chur chun cinn

Tá tábhacht thar na bearta ag baint le cur chuige scoile uile chun iompar dearfach a chur chun cinn. Beidh na polasaithe OSPS, frithbhulaíochta, obair bhaile, cláracháin, labhairt na Gaeilge srl ag tacú go láidir leis an bpolasáí seo.

Táimid ag súil leis an árdchaighdeán iompair ó ghach bhall de phobal na scoile agus go mbeadh an iompar sin dearfach agus comhoibritheach i gconaí.

An Fhoireann

Creideann foireann na scoile sa tábhacht a mbaineann le forbairt an fhéinmhuinín agus freagracht pearsanta a chur chun cinn. Caithimid leis na leanaí uile le meas agus dínit. Tá comhoibriú i measc na foirne agus na scoile chun cinn i gconaí. Creidimid gur gá iompar dearfach a mhealladh, a aithint agus a mholadh chun é a chur chun cinn. Tá sé tábhachtach go n-aithneodh foireann iomlán na scoile an bhéim seo.

- Seo roinnt bealaí go n-aithnítear agus go gcuirtear dea-iompar chun cinn sa scoil - coras na nduaiseanna/teagmháil le tuistí/dea iompar a aithint ag an Tionól
- Tá cumarsáid oscailte chun cinn sa scoil. Déantar tagairt ag cruinnithe foirne/boird don chód iompair agus a éifeacht. Tugtar gach tacaíocht don fhoireann i gcur i bhfeidhm an pholasaithe seo.
- Cuirtear an polasáí seo ós chomhair bhall nua den fhoireann tríd an chéad cruinniú foirne, leis sin, tabharfar cóip de pholasaithe iomlána na scoile don mhúinteoir ar cheapadh dóibh. Cuirfear am ar fáil dó/dí leis an bpríomhoide /múinteoir eile sa scoil chun iad seo a phlé, le cinntiú go bhfuil siad soiléir air. Anuas air sin, beidh coras ionduchtaithe i bhfeidhm sa scoil, áit go dtugtar tacaíocht dóibh siud atá nua-cháilithe nó i mbun

an tréimshe phromhaidh. Freastlaíonn an cód iompair ar leanaí le deacrachtaí iompair mar thoradh ar na riachtanais speisialta oideachais atá acu. Baintear úsáid as Plean Oideachais Aonair le spriocanna maidir le hiompar chun freastal orthu. Cuirtear iad seo le chéile i gcomhairle leis na tuistí, múinteoir ranga agus múinteoir tacaíochta foghlamtha. Is féidir le hionchur a bheith ag an bpríomhoide a bheith aici anseo.

- Beidh an bhéim i gconaí ar meas a chothú agus caithfear le páistí le meas nuair atá eachtraí iompair á phlé.

Úsáidtear curaclam OSPS na scoile chun tacaíocht a thabhairt don chód iompair. An aidhm atá aige ná cabhrú lenár leanaí scileanna cumarsáide, bealaí cuí idirghníomhaíochta agus iompair agus scileanna um réiteach coimhlintí a fhorbairt. Déanann sé iarracht freisin féinmheas a chothú agus cabhrú le leanaí glacadh le difríochtaí agus saoránacht a fhorbairt.

- 's iad na gníomhaíochtaí sceidealaithe chun cabhrú le forbairt na scileanna sin i leanaí ná Am Ciorcail, Bí Sábhailte, Am Tionóla etc.

An Bord Bainistíochta

'Tá ról ag an mBord Bainistíochta maidir le caighdeáin inmholta iompair i scoil a chothabháil. Ba chóir dó tacú leis an bPríomhoide agus cód cóir iompair agus smachta á chur i bhfeidhm sa scoil' (Imlitir 20/90)

- déantar comhairliúchán leis an mBord Bainistíochta tríd dréachtanna a chur timpeall chuig gach duine agus ansin taighde mar bhall a dhéanamh. Baintear an-úsáid as an ríomphost chuige seo. Cuirtear moltaí timpeall. Ansin, ag cruinnithe boird ina dhiaidh sin, plétear na moltaí agus glactar leo nó ní ghlactar leo.
- tacaíonn an Bord Bainistíochta leis an bhfoireann agus an cód iompair á chur i bhfeidhm tríd deiseanna a chur ar fáil forbairt foirne a chur ar fáil m.sh freastal ar chúrsaí/maoiniú a chur ar fáil/maoiniú d'fhearas a chur ar fáil a bheadh de dhíth ón bhfoireann chun tacú leo an polasaí a chur i bhfeidhm
- **Tuairiscítear don bhord nuair is gá maidir le cásanna iompair agus déantar plé orthu. Is féidir le tuistí a bheith iarrtha ós chomhair ionadaithe an bhoird – go hiondúil an príomhoide agus an cathaoirleach, má shileann an fhoireann agus an bord go bhfuil a leithead oiriúnach. Déantar é seo go discréideach agus go hómósach.**

Tuismitheoirí

'Teastaíonn tacaíocht tuismitheoirí ó scoileanna chun ionchais chuí maidir le dea-iompar agus smacht a bhaint amach.' (Imlitir 20/90).

- Bíonn teagmháil rialta idir an scoil agus tuismitheoirí – coinnítear tuistí ar an eolas maidir le cásanna iompair fiú iad siud atá beag ionas go bhfuil cumarsáid fiuntach chun cinn i gconaí
- Cuireadh dréacht ós chomhair Choiste na dTuistí agus pléadh é ag léibhéal an Choiste. Chomh maith leis sin, cuireadh é ós chomhair tuistí iomlána na scoile chun moltaí a fháil. Rinneadh plé ar na moltaí a bhí acu agus cuireadh iad ós chomhair na foirne agus ansin ós chomhair an bhoird le daigniú.
- Tacaíonn tuismitheoirí leis an scoil ó thaobh dea-iompar a chur chun cinn agus caighdeáin arda iompair a chothú tríd na rudaí seo e.g.
 - Tá siad ar an eolas faoi chóras duaiseanna agus smachtbhannaí na scoile agus comhoibríonn siad leis
 - Déanann siad cinnte go mbíonn leanaí ar scoil in am
 - Freastalaíonn siad ar chruinnithe ag an scoil má éilítear orthu
 - Cabhraíonn siad le leanaí an obair bhaile a dhéanamh agus déanann siad cinnte go bhfuil sí tugtha chun críche acu
 - Déanann siad cinnte go mbíonn na leabhair agus na hábhair riachtanacha don scoil ag leanaí
 - Déanann siad gach iarracht an Ghaeilge atá acu a úsáid i gcomhthéasc na scoile agus go dtabharfaidh siad gach tacaíocht d'fhoireann na scoile agus Polasaí Labhairt na Gaeilge á chur i bhfeidhm.

Daltaí

- Tá sé tábhachtach go mbeadh ionchur ag na daltaí ina gcuid iompair féin agus chuige sin, go ndéanfaí Coiste na ndaltaí a thogadh gach bliain roimh shos mhean tearma. Déanfar na coistí éagsúla ar fad a thogadh gach

bliain ag an bpointe seo.. Is féidir leo ansin, ionchur a bheith acu ar na smachtbhannaí/duaiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann de thoradh dea/drochiompair.

- bíonn ionchur ag daltaí maidir le cur i bhfeidhm leanúnach an chóid iompair msh.
 - Rialacha don seomra ranga a dhréachtú
 - Bheith rannpháirteach i dtionóil na coiscíse
 - Oibriú le Coiste na nDaltaí
 - Mar chuid den tionóil coiscíse, tugtar deis dona daltaí moltaí a chur ar aghaidh maidir le gnéithe éagsúla den scoil.
 - Mar chuid de thionól, cuireadh rialacha na scoile le chéile, bunaithe ar mholtaí na ndaltaí.(féach thíos). Aithnítear áfach, le linn tréimshe COVID-19, nach mbeidh tionól físiúil ann

3. Straitéisí dearfacha chun iompar a bhainistiú

'Is é an mhodheolaíocht is éifeachtaí a fhorbraíonn múinteoirí agus iad ag iarraidh iompar dúshlánach a bhainistiú, ná bac a chur ar an iompar sin roimh ré'. (Ag Bainistiú Iompar Dúshlánach, Treoirilnte do mhúinteoirí INTO 2004: 5).

An Seomra Ranga

Le dea-iompar a spreagadh sa scoil, baineann foireann iomlán na scoile as córais uilscóile ar leith.

- “Bunrialacha”/iompar a mb’fheifear ag tnúth leis, i ngach rang a théann leis an éiteas scoile agus a chruthaíonn timpeallacht dhearfach don fhoghlaim.
- Ionchur ó dhaltaí agus na rialacha ranga á gcur le chéile.
- Déanann múinteoirí cinnte go dtuigeann daltaí an t-iompar a éilítear orthu agus cuirtear é sin i gcuimhne dóibh go minic
- Am Órga (féach thíos)
- Teicnící bainistíochta seomra ranga a dhéanann cinnte go mbaintear úsáid as gníomhaíochtaí agus modheolaíochtaí éagsúla chun suim agus inspreagadh na ndaltaí a chothú (féach Aguisín ag an deireadh le haghaidh moltaí)
- Lámh san aer chun ciúnas a fháil – in áit an múinteoir a bheith ag árdú a gutha – cabhróidh sé seo atmaisfear dearfach a chothú sa scoil. Mar chuid d’éiteas na scoile níor choir go mbeadh múinteoirí ag screadaíl ar pháistí ach amháin i gcás práinne nó eile.
- Clár Ama. Má tá clár ama cinnte, gníomhach ag múinteoir, cabhróidh sé go mór le rith an ranga agus laghdóidh sé cásanna drochiompair.
- Nuair a tá drochiompair ginearalta i gceist- córas na réalta ag diriú ar iompar faoi Leith – eg ag diriú ar suí síos – an lá/an clár ama a bhriseadh ina 3 cuid – má eiríonn leo an riail amháin a chur i bhfeidhm réalt a fháil agus le 3 chinn, duais a fháil (Sa lá – córas aonaithe leis an gclann a bheith ann) cuir leis an liosta de reir mar a fheabhsaíonn an iompar srl NB seo sampla de bhealach le plé leis.(nó curtha in oiriúint don pháiste agus a riachtanais)
- Aithnítear sa scoil seo go bhfuil go leor páistí le RSO agus gur gá an suíomh ranga a oiriúnú le freastal a dhéanamh ar a gcuid riachtanais. Go minic eascraíonn fadhbanna iompair toisc dúshlán faoi leith a bheith ag páistí. Is féidir áit an pháiste/obair an pháiste a dhifreálú/clár ama feiceálach a bheith in úsáid/acmhainní faoi leith a chur ar fáil.
- **Féach an aguisín le straitéisí chun dea-iompar a chur chun cinn**

Cló(i)s Súgartha

- Leantar Rialacha na Scoile taobh amuigh ar an gclós. Is gá do gach duine siul síos go dtí an clós ón scoil. Bíonn na daltaí níos sinne mar “chinnirí” ag cabhrú leis na daltaí níos óige siul i líne an bealach ar fad thíos.
- I gcás práinne amháin, ligtear daltaí suas chun na scoile ag am lóin eg timpiste, nó géarghá leis an leithreas.

Múinfear cluichí clóis mar chuid den snáith “Cluichí” i gCorp Oideachaischun go mbeidh cluichí as Gaeilge acu le spraoi – rud a chabhróidh an drochiompar a sheachaint.

- Nuair atá sé ag cur báistí, ní féidir leo dul amach ag spraoi. Tá cluichí ar fáil i ngach seomra ranga gur féidir leis na páistí spraoi leo nuair nach féidir leo dul amach. Maidir le feitheoireacht ar laethanta fliucha, is gá don mhúinteoir ar an gclós dul timpeall ag cinntiú go bhfuil gach rud ceart go leor. Is féidir úsáid a bhaint as cláracha AS GAEILGE ar an gClár Bán Idirghníomhach ag an bpointe seo freisin.
- Tugann an múinteoir a rang féin amach go dtí doras na scoile, áit go dtéann siad i líne scoile agus ansin, nuair atá an lón thart, cuirtear na daltaí i línte agus siúlann siad ar ais go dtí an rang.
- Tá leabhar clóis ann – i gcás go dtarlaíonn aon chás drochiompair/timpiste nó eile ar an gclós, is gá nóta a dhéanamh de. Beidh an leabhar seo coinnithe sa seomra foirne agus líontar é gach lá tar éis an tsosa/lóin. Sa chás gur gá, ba chóir don mhúinteoir ar an gclós an múinteoir ranga a chur ar an eolas maidir le haon imeacht faoi leith. Sa chás go bhfuil sárú ar na rialacha sa chlós, is féidir cuid den am spraoi a bhaint agus go mbeadh ag an dalta seasamh ag an mballa ar feadh méid áirithe ama.
- I gcás go bhfuil briseadh mór rialacha ann, is féidir go gcaillfeadh an dalta an lón ar fad agus go mbeadh air/uirthi fanacht taobh amuigh den seomra foirne (tá doras gloine ann, mar sin, is féidir iad a fheiceáil an t-am ar fad), **ach baintear úsáid as seo i gcásanna eisceachtúla amháin mar go n-aithnítear an tábhacht le haer úr a bheith faighte ag gach scoláire gach lá.**

Cuirtear bosca bréagán amach ar gach clós ag am lóin le cabhrú le drochiompar a sheachaint ar an gclós.

Bíonn Rang 5/6 in ann an Quad a úsáid mar phríbhléid chun peil a imirt ar bhonn rothlach – mínítear go soiléir gur príbhléid é seo. Tá rialacha mar a bhaineann leis an Quad nó an clós breise i gcás Rang 4 agus tá siad pléite agus crochta sna seomraí cuí.

Bíonn freagrachtaí faoi leith ag na hádranganna ó Rang 3 suas – arís is príbhléid iad seo

Tugann Rang 6 aire do na naíonáin ag am sosa agus am lóin agus tugann Rang 5 aire do Rang 1&2 agus iad ag dul isteach agus amach as an scoil

- **Aithnítear le linn tréimshe COVID-19 ní bheidh páistí Rang 6 cúnamh a thabhairt dona ranganna níos óige**
- **Aithnítear freisin le linn tréimshe COVID-19 nach mbeidh na boscaí amuigh ar an gclós**
- **Beidh breis múinteoirí ar an gclós chun breis spáis a thabhairt ar na clóis. Beidh a gclós féin ag gach rang leibhéal. Fanfaidh siad taobh istigh dá gcuid bolgáin féin.**

Limistéir eile sa scoil

- Siúlann an múinteoir ranga an rang chuig agus ón doras ag am lóin, mar sin, gearrann sé seo amach aon seans pleidhcíochta. De bharr leagan amach na scoile, tá leithris agus seomraí na gcótaí sna ranganna iad féin, chuige sin, ní chruthaíonn siad seo aon fhadhb. Bailíonn an múinteoir ranga an rang ón gclós ar an taobh ar maidin agus tugann sé/sí iad suas chuig an rang.
- Ba choir do mhúinteoirí uile na scoile i gconaí ag faire amach le haghaidh dea-iompair agus deiseanna an iompar seo a mholadh msh ranganna ar na pasáistí/daltaí ag cloí le rialacha na scoile nó eile
- Ag leibhéal na Naíonán ach go háirithe ag leibhéal na foirne tacaíochta, díritear isteach ar scileanna sóisialta agus grúpaí sóisialta le cabhrú leo na stráitéisí seo a inshealbhú maidir le spraoi srl.
- *Bítear ag súil le gurb í an Ghaeilge teanga cumarsáide na scoile ar aon limistéir a mbaineann leis an scoil, fiú théis am scoile agus deileáiltear le cásanna Béarla faoin gcód iompair. Áireofar labhairt an Bhéarla ar bhonn leanúnach nó d'aonghnó mar mhórbhriseadh rialacha.*

•

4. Rialacha na Scoile:

Cuireadh iad seo le chéile i gcomhairle leis na daltaí ag Tionól na Scoile 9/11/07. Seo an cineál iompar lena bhfuilimid ag súil ó phobal na scoile.

T 8 riail simplí ag an scoil agus beidh siad ar chrochadh go feiceálach timpeall na scoile. Bainfear úsáid astú mar foinsí tagartha ag an Tionól nuair atá Riail na Seachtaine á chur i bhfeidhm. Beidh an Cód seo mar bhunús do Riail na Seachtaine.

Beidh na Rialacha seo le feiceáil sa Dialann Scoile amach anseo. Cuirfear cóip den pholasáí seo ar fáil do thuismitheoirí nua ag ceann dena cruinnithe réamhchláracháin.

- 1) **Gaeilge:** Labhraímid ar fad Gaeilge an t-am ar fad.
- 2) **Béasaí:** Bímid ar fad béasach le gach duine sa scoil agus ní bheidh aon eascaíní.
- 3) **Macántacht:** Insímid an fhirinne i gconaí agus má fheiceann muid aon rud nach bhfuil ceart, go n-inseofaí é do mhúinteoir é.
- 4) **Meas:** Leirímid meas ar an scoil agus an timpeallacht tríd iad a choinneáil glan, agus leirímid meas ar a chéile tríd caitheamh le gach duine mar is gceart.
- 5) **Siúilimid** taobh istigh agus go dtí an chlós.
- 6) **Obair:** Déanaimid ar fad ár ndícheall i gconaí le hobair scoile agus le hobair bhaile agus go bhfuilimid i gconaí ullamh agus in am don scoil.
- 7) **Lámh san Aer:** Nuair atá lámh san aer, fanaimid ciúin – éistímid le chéile agus ligimid do dhuine amháin labhairt ag an am.
- 8) **Comhoibriú:** go bhfuilimid ar fad sásta comhoibriú lena chéile agus páirt iomlán a ghlacadh i ngach gné de shaol na scoile.

5. Duaiseanna agus Smachtbhannaí

Duaiseanna agus aitheantas tugtha do dhea-iompar

- Bainfear úsáid as “Am Órga” chun dea-iompar a mhealladh ó na daltaí. Le linn am ranga, bainfear úsáid as córas rábhaidh. I gcás, drochiompair, tabharfar rabhadh do (Ní gá go mbeadh sé déanta ó bhéal – rud a tharraingníonn aird go minic) Bainfear é seo ag an gcéad briseadh eile má iompaíonn an páiste é/í féin mar is ceart. Sa chás nach n-athraíonn an dalta an iompar, bainfear 5 nmd den Am Órga ag deireadh na seachtaine. Is gá go mbeadh éifeacht faoi leith ag baint le hAm Órga, ionas go mbeidh sé fiuntach mar dhuais. Beidh Am Órga ann tráthnóna dé hAoine. Iad siud a bhfuil 5 nmd nó níos mó cailte acu, beidh orthu sui ag bord faoi leith le Córas Ama agus ní bheidh cead acu páirt a ghlacadh. Nuair atá an 5 nmd (nó níos mó thart), is féidir leo teacht ar ais chuige. Tá boscaí cluichí ann do Rang 1+. Is cluichí iad seo a bhfuil comhoibriú, scileanna réiteach fadhb nó/agus scileanna soisialta mar bhunchloch dóibh. Is féidir leis na naíonáin a gcuid bréagáin féin a thabhairt isteach, ach tá cosc ar earraí leictreonacha.
- Moltar don mhúinteoir ranga taifead a choinneáil de cé atá ag cailliúint amach ar Am Órga, go háirithe i gcás páistí a chailleann cuid ar bhonn rialta.. Is féidir úsáid a bhaint as fógra sa rang i gcás na Naíonán ach go háirithe, chun aird na ndaltaí a choinneáil air seo. Ní bhaintear úsáid as “Am Órga” ag leibhéal rang 5/6 ach am discrídéach. Is féidir leis na páistí ionchur a bheith acu i roghnú an ruda ar spéis leo déanamh. Má tá sárú rialacha i gceist ag páiste i Rang 5/6, is féidir go mbainfí seo ar an gcur chuige céanna leis an Am Órga.
-

Baineann na múinteoirí úsáid as duaiseanna chun dea-iompar a mhealladh ag leibhéal an ranga. Ba choir do mhúinteoir an Tionól Coiscíse a úsáid mar áis chun fógart a dhéanamh, nó iarraidh ar an bpríomhoide duais faoi leith a bhronnadh ar rang msh am spraoi breise srl.

- Bíonn na duaiseanna in oiriúint do leibhéal an ranga – agus iad ag eirí níos sinne, d’fhéadfaí le hionchur a bheith acu siud i roghnú na nduaiseanna msh gan obair bhaile a bheith acu/gan éadaí scoile a chaitheamh srl
- Déantar moladh dóibh siud atá ag cloí leis na rialacha le linn Tionól na.
-
- I gcásanna go bhfuil feabhas ag teacht ar iompar daoine faoi leith, scaiptear an scéal seo trí an duine a chur timpeall ag na ranganna éagsúla agus an dea-scéal a scaipeadh leis na tuismitheoirí/moladh ag an tionól.
- Tugtar pribhléidí faoi leith do ranganna áirithe don dea-iompar ms.h tuilleadh am spraoi srl.

- Sa chás go bhfuil cás go bhfuil drochiompar mór ann, ba cheart an príomhoide a chur ar an eolas – ní féidir ionadaíocht don scoil a bhaint gan é a phlé leis an bpríomhoide ar dtús.
- Baintear úsáid as Am Órga/réalta/milseáin (ar **bhonn an-teoranta eg um nollaig nó eile**) chun an dea-iompar a mhealladh
- Nuair atá dea-iompar le céiliúradh (agus molann an scoil é seo a dhéanamh an oiread is gur féidir) seo samplaí de duaiseanna gur féidir a chur ar fáil:
 - níos lú obair bhaile
 - cluichí don ábhar
 - nóta dearfach chuig an bpríomhoide/abhaile
 - turais
 - duais ranga
 - obair a bheith ar thaispeáint
 - físteíp a chur ar siul (gan an iomraca de seo a bheith ann!)
 - molta ag an Tionól
- T á traenáil maidir leis na Incredible Years déanta ag cuid den fhoireann.

(féach deireadh an phlean dona hagusín maidir le dea-iompar a chur chun cinn agus “50 deis dea-iompar a aithint agus a mholadh)

- **Labhairt na Gaeilge:**
- De bharr gur Ghaelscoil í seo, tá béim faoi leith ar Labhairt na Gaeilge sa scoil. Chuige sin, tá dualgas ar gach duine (tuismitheoirí/múinteoirí/muintir an bhoird agus na daltaí an oiread Gaeilge atá acu a labhairt i dtimpeallacht na scoile.
- Tá Polasaí Labhairt na Gaeilge i bhfeidhm sa scoil, agus bímid ag súil le go dtacófaí leis ag gach leibhéal de phobal na scoile.
- Muna bhfuil dalta ag cloí leis an bpolasaí seo, bainfear úsáid as na céimeanna maidir le drochiompar.

Cibearbhulaíocht:

Tuigtear don scoil gur leor eachtra aonuaire de cibearbhulaíocht coinníollacha bulaíochta a chomhlíonadh agus deilealfar leis faoin bpolasaí frithbhulaíochta. Déanfar an cibearbhulaíocht a phlé leis na daltaí ar bhonn leanúnach agus beidh sé mar chuid den Seachtain Fhrithbhulaíochta.

- **Straitéisí chun déileáil le hiompar doghlactha**

- **Tabhair faoi ndeara nach nglacfaí le bulaíocht d’aon shaghas i nGaelscoil Bhaile Brigín, agus sa chás go bhfuil bulaíocht (ie iompar leanúnach/rialta) ar siul, pléfar leis ag cloí le Polasaí Frithbhulaíochta na Scoile.**
- *breithneoidh na múinteoirí agus/nó an Príomhoide leibhéal an oilghnímh, is é sin beag, dáiríre nó garbh, trí úsáid a bhaint as cur chuige ciallmhar ag féachaint do dháiríreacht/minicíocht na n-oilghníomhartha sin.*

Thíos faoi gheobhaidh tú an stráitéas céimnithe, aontaithe atá ag an scoil maidir le plé le mionshárú rialacha. ‘Sé aidhm na smachtbhannaí thíos ná go bhfoghlaimeodh an mac léinn uaidh. Is idirghabháil dearfach é seo. Tá sé rí-thábhachtach go gceoln gach ball foirne leis seo thíos agus go ciallmhar. Is gá caitheamh le gach dalta go hómósach, ionas go bhfoghlaimeoidh siad dea-iompar a thuiscint.

Agus an fhoireann ag cur smachtbhannaí i bhfeidhm, ba choir na rudaí thíos a tabhairt san áireamh.

- 1) *An teannas a bhaint ón scéal, gan é a fhormhéadú*
- 2) *Dínit na bpáirtithe uile a chaomhnú*
- 3) *A bheith curtha i bhfeidhm ar bhealach coir, comhsheasmhach*
- 4) *A bheith tráthúil.*

- (a) Réasúnaíocht a dhéanamh le dalta –NB an iompar seachas an duine nach maith linn!

- (b) Spraic (lena n-áirítear comhairle ar conas feabhas a chur orthu féin) – conradh pearsanta a shiniú/shocrú leo/stráitéis éigin a chur i bhfeidhm le go dtuigfidh siad ceard lena bhfuil tú ag súil uathu
 - (c) Iad a dheighilt go sealadach ó phiaraí, cairde nó eile
 - (d) Cailliúint pribhléidí – am spraoi/duais ranga a chailliúint/balla ag am lóin ar feadh tréimhse /Am Órga. Bainfí úsáid as an gcóras Am Órga chun rábhadh a tabhairt do dhalta agus ansin, tá deis á thabhairt don dalta a bheith freagrach as a (h)iompar féin.
 - (e) Labhairt le tuistí go neamhfhoirmeáilte –plean aonarach a chur i bhfeidhm i gcomhairle leis an scoil agus an baile – msh réaltaí srl – go mbeadh teagbháil rialta idir an baile agus an scoil mar chroílár de seo. – Ag an bpointe seo, ba choir go mbeadh tréimhse ama cinnte i gceist le haithbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun an pháiste. Ba choir chomh maith an PO a choinneáil ar an eolas maidir leis seo
 - (f) Iad a chur chuig an bPríomhoide
 - (g) Cruinniú foirmeáilte idir an múinteoir agus an tuismitheoir/caomhnóir le spriocanna faoi leith
 - (h) Cruinniú eile idir an tuismitheoir/caomhnóir agus an múinteoir
 - (i) Cruinniú idir an múinteoir agus tuismitheoir/caomhnóir agus go líontar an teimpléad tuairiscithe. Dáta athbhreithnithe le roghnú anseo, taobh istigh de 3 sheachtain
 - (j) Cruinniú idir tuismitheoir/múinteoir agus príomhoide.
 - (k) An Bord Bainistíochta a chur ar an eolas faoi.
 - (l) Fionraíocht (Féach Alt 5 ar Fhionraíocht)
 - (m) Díbirt
- (2) * Beidh leabhar dearg ag an oifig gur féidir le múinteoir ainm dalta a chlárú, neamhspleách ar an gcóras thuas, sa chás go dtarlaíonn briseadh rialacha chomh maith.

Tuismitheoirí a bheith rannpháirteach i mbainistiú an drochiompair

'Ba choir tuismitheoirí a choinneáil ar an eolas ón tús faoi dhrochiompar dáiríre a leanaí. Is fearr teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí go luath, in áit é a dhéanamh mar rogha deiridh.' (Imlitir 20/90).

Creideann Gaelscoil Bhaile Brigín i dtábhacht na dtuistí in aon ghné d'iompar an pháiste. Chuige sin, tá cumarsáid fíorascailte idir fhoireann na scoile agus tuismitheoirí.

- I gcás drochiompair, labhraíonn an múinteoir ranga leis an tuismitheoir ag deireadh an lae – go minic níl ann ach cuir ar an eolas gur tharla rud beag. Ní gá tuistí a chur ar an eolas maidir le gach rud beag, ach i gcás go bhfuil pátrún nó leanúnachas i gceist, is gá seo a dhéanamh go luath seachas mall.
 - Ba choir áfach, taifead a choinneáil ar eachtraí faoi leith Is é/í an múinteoir ranga an chéad mhúinteoir a dhéanann teagbháil le tuismitheoirí go hiondúil, ach i gcás práinn nó mórbhriseadh rialacha is féidir gurb í an Príomhoide an chéad duine a dhéanann teagbháil.
 - Sa chás go dtugtar cuireadh chuig tuiste teacht chun na scoile ar bhonn foirmeáilte, is gá a chinntiú go bhfuil foclaíocht na nótaí srl ag cloí le heiteas na scoile 'sé sin – oscailte agus le meas. Ba choir gach iarracht áit phríomháideach, chompórdach a chur ar fáil – go hiondúil i seomra ranga an mhúinteora tar éis am scoile nó le linn am lóin nó eile.
 - Ag an gcruinniú seo ba choir do thuistí agus múinteoirí éisteacht lena gcéile agus gach iarracht a dhéanamh teacht suas le plan aonair chun an iompar a fheabhsú.
 - Go hiondúil, más é seo an chéad chruinniú idir tuiste agus múinteoir, ní gá go mbeadh an PO i láthair, ach is féidir leis tarlúint go n-iarrtar uirthí a bheith ann. Sa chás nach bhfuil sí i láthair, is gá í a choinneáil ar an eolas. Uaireanta chomh maith, d'fhéadfadh sé tarlúint go n-iarrfar ar an múinteoir tacaíochta foghlamtha a bheith i láthair.
 - Ag braith ar iompar agus aois an dalta d'fhéadfaí iarraidh ar an dalta a bheith i láthair, ach go hiondúil ag an leibhéal seo, is cruinniú é idir thuistí agus mhúinteoirí atá ann.
 - Moltar do thuismitheoirí teagmháil a dhéanamh leis an scoil má tá siad inmíoch. I gcás go dteastaíonn ó thuismitheoir teagbháil a dhéanamh leis an scoil, is gá dóibh plé leis an múinteoir ranga ar dtús. Is féidir coinne a dhéanamh tríd nóta a chur, bualadh isteach nó glaoch a chur chun na scoile. Cuirtear seo in iul do thuistí go leanúnach tríd an Nuachtlitir agus mínítear é do thuistí ag na cruinnithe seo. Iompar ionsaitheach nó foréigneach a bhainistiú.
- **Straitéisí a úsáidtear chun déileáil le fadhbanna dáiríre mothúchánacha agus iompair e.g.**
 - Déantar comhairliúchán le tuistí an dalta, agus sa chás go bhfuil gach iarracht déanta ag cloí leis an bpolasáil seo, agus nach bhfuil feabhas ag teacht ar iompar an pháiste déanfar comhairliúchán le NEPS/HSE

- NB: leantar an Continuum of Support faoi mar a tá leagtha amach ag NEPS nuair atá buairt orainn i dtaobh pháiste le deacrachtaí iompair
 - o Leanaí atá suaite go mothúnach a chur láithreach le haghaidh measúnú síceolaíoch.
 - o Le cabhair an Eagraí Riachtanas Speisialta Oideachais, lorgaítear tacaíocht chuí ó na seirbhísí atá ar fáil e.g. Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte, NEPS,...
 - o cuirtear pearsanra Riachtanas Speisialta Oideachais san áireamh, a bhféadfaidís cabhrú le múinteoirí trí chleachtas agus tacaíocht maidir le bainistíocht an iompair dhúshlánaigh a roinnt – is féidir úsáid a bhaint as an múinteoir tacaíochta foghlamtha/an príomhoide nó baill foirne eile chun plé leis seo.
 - o Tá córas ionductaithe ann do mhúinteoirí nua-cháilithe chun tacú leo sa réimse seo –Cuirtear an fhoireann ar an eolas maidir le cúrsaí forbairt ghairmiúil atá ar fáil don fhoireann msh. OSIE, Coláistí Oideachais, cúrsaí ProfExcel, Ionaid Oideachais,...
- Má chúisíonn iompar foréigneach nó bagrach riosca don dalta féin nó do shábháilteacht na ndaltaí eile nó na foirne, cuirfeadh glaoch ar thuistí chun an páiste a thógáil abhaile. Beidh cruinniú ansin ag na tuistí agus an múinteoir/príomhoide chun plean aonarach a leagan amach don pháiste sin. Rachfar i gcomhairle leis na húdaráis chuí chomh maith e.g. SENO, EWO, NEPS, HSE nó eile.

NB: sa chás go mbíonn sé líomhnaithe go raibh mac léinn i mbun mí-iompair thromchúisigh lasmuigh den scoil, nuair nach raibh an mac léinn faoi chúram na scoile, ní bheadh feidhm ag an gcód iompair mura bhféadfaí a chruthú go raibh nasc soiléir ann leis an scoil agus go rachadh sé i bhfeidhm ar obair na scoile. Féadfaidh leis an scoil comhairle dlí a lorg i gcás go mbeadh scéal casta i gceist.

An Cód Iompair i gComhthéacs COVID-19

- Pléfeadh le aon sárú ar Phlean Freagartha Covid-19 na scoile i gcomhthéacs an Chóid Iompair seo.
- Tá dualgas ar gach ball de chomhphobal na scoile, idir pháistí, fhoireann agus thusimitheoirí, cloí leis an bPlean Freagartha atá leagtha amach ag an scoil. Tá sé seo ann chun athoscailte na scoile a chinntiú.
- Tá dhá riosca mór ar leith aimsithe a pléfeadh leo i gcomhthéacs an Chóid Iompair.
- An chéad riosca ná go mbíonn páiste ag magadh, ag imeallú, ag glaoch ainmneacha ar, ag stiogmatú srl páistí i gcomhthéacs COVID-19. Samplaí de seo (agus ní liosta críochnaithe é seo) ná má bhíonn páiste ag casacht, go screadfadh páiste COVID/coronavirus nó a leithead amach nó ag déanamh tagartha d’asláithreachtaí agus ag tabhairt le fios go raibh baint acu le COVID. Is gá dúinn ar fad a bheith aireach maidir leis an dochar a d’fhéadfaí déanamh do folláin agus sláinte meabhrach na bpáistí leis an gcineál seo magadh. Pléfeadh le aon eachtra mar seo i gcomhthéacs an Chóid Iompair.
- An dara riosca aitheanta ná má chuireann páiste páiste eile nó ball foirne i mbaol fisiciúil tríd casacht d’aonghnó in aghaidh an duine eile, seile a chaitheamh, duine éigin a lí nó aon ghníomh eile d’fhéadfaí dochar a dhéanamh do dhuine eile i gcomhthéacs COVID-19. D’fhéadfaidh go mbeadh fionraí láithreach i gceist leis seo agus nach mbeidh cead ag an bpáiste fillleadh ar scoil go dtí pointe níos déanaí.

5. Nósanna Imeachta Fionraíochta/Díbeartha

Luann an tAcht Oideachais (Leas), 2000 go sonrúidh cód iompair... *‘na nósanna imeachta a bheidh le leanúint sula bhféadfar mac léinn a chur ar fionraí nó a dhíbirt as an scoil lena mbaineann’ agus “na forais chun deireadh a chur le fionraí a forchuireadh i ndáil le mac léinn.” (Alt 23(2)c,d)*

Fionraíocht

Cuirfidh an príomhoide an t-oifigeach leasa oideachais ar an eolas i scríbhinn más rud é go gcuirfead mac léinn ar fionraí ón scoil ar feadh tréimhse nach giorra ná 6 lá. (Alt 21(4)a)

Cuirfead tuismitheoirí ar an eolas faoin gceart atá acu teacht ag an scoil agus tabharfar cuireadh dóibh teacht chun an drochiompar a phlé leis an bPríomhoide agus/nó an múinteoir ranga.

Deanfar é seo i gcónaí nuair atáimid ag déanamh machnaimh ar dhalta a chur ar fionraí’.

Is féidir dalta a chur amach ar fionraí mar thoradh ar drochiompar leanúnach, nó mar thoradh ar chás de dhrochiompar eisceachtúil sa chás go bhfuil

- Tionchar dochrach tromchúiseach ag iompar an mhic léinn ar oideachas na mac léinn eile
 - Bagairt ann do shábháilteacht agus an mac léinn ag fanacht sa scoil i láthair na huaire.
 - An mac léinn freagrach as damáiste tromchúiseach do mhaoin.
- *Is gá na gnéithe seo a leanas a thabhairt san áireamh sula gcuirtear dalta amach ar fionraí (Féach lch 74 treoirlínte do Scoileanna):*
- Cineál agus tromchúis an iompair
 - Comhthéacs an Iompair
 - Tionchar an Iompair
 - Iarrachtaí idirghabhála go dtí seo? Msh monatóireacht/taifead/comhairleachán le NEPS,SENO,Cigire,EWO srl
 - An freagra comhreibheach é mac léin a chur ar fionraí nó nach ea?
 - Tionchar féideartha na fionraí.
- Ba choir don fionraí cuidiú leis an scoil spriocanna iompair a chur ar bun leis an mac léinn agus lena t(h)uismitheoirí. Ba chóir dó deis a thabhairt don scoil idirghabháil eile a phleanáil agus ba chóir ó tromchúis an iompair a chur ina luí ar an mac léinn agus ar a t(h)uimitheoirí.

Cinéalacha Fionraí:

a) Fionraí Láithreach:

I gcásanna eisceachtúla féadfaidh an PO a bhreithniú go bhfuil fionraí láithreach oiriúnach i gcás ina léireofaí go mbeadh láithreach leantach an mhic léinn ag an am sin mar fhórbhagairt do shábháilteacht na mac léinn nó foirne na scoile, nó do dhuine ar bith eile. Ní foláir gnáthaimh chóra a chur i bhfeidhm i gcónaí.
Ni coir mac léinn a sheoladh abhaile choice gna na tuismitheoirí a chur ar an eolas ar dtús.

b) “Uathfionraí”:

Is féidir le uathfionraí a bheith ann sa chás go bhfuil mór damáiste déanta do mhaoin na scoile nó eile, nó ionsaí fisiceach do mhúinteoir nó dalta eile, nó sa chás go bhfuil an cód iompair leanta agus go scriochar an pointe seo. (tabhair faoi ndeara nach mbainfí úsáid as an bhFionraí chun ple le drochfheidhmíocht acadúil, drochfhreastal scoile nó a bheith mall nó mionsárúithe ar an gcód iompair.) ACH, sa chás go bhfuil mí-iompair leanúnach ann a chuireann isteach ar fhoghlaim agus a d’fhéadfadh a bheith dainsearach, d’fhéadfaí úsáid a bhaint as.

Níor chóir go mbeadh dalta curtha ar fionraí go luath tar éis dó/dí filleadh ar an scoil ach amháin i gcás:

- Go bhfuil siad i mbun mí-iompair thromchúisigh a bhfuil gá an mac léinn a chur ar fionraí dá bharr
- Go bhfuil gnáthaimh chóra á gcomhlíonadh ina iomláine

Is féidir iarraidh ar thuismitheoir dalta a bhailiú luath ar feadh tréimhse nó an leanbh a choinneáil ón scoil ach ba choir go mbreathnódh an scoil ar seo mar fionraí agus caithfead na treoirlínte a bhaineann le fionraí a chomhlíonadh.

Is gá go mbeadh tréimhse cinnte leagtha síos maidir le tréimhse an fhionraí.

I gcás go bhfuil fionraí á phlé is gá na nósanna imeachta seo a leanas a urramú:

- a) An mac léinn agus a t(h)uismitheoirí a chur ar an eolas maidir leis an ngearán. Cuir iad ar an eolas maidir leis an ngearán, an chaoi a ndéanfar imscrúdú air agus go bhféadfaí fionraí a bheith mar thoradh air. B’fhearr seo a dhéanamh i scríbhinn ionas go mbeidh taifead oifigiúil ann, ach más gá is féidir é a dhéanamh ó bheal.

B) An deis a thabhairt dóibh freagra a thabhairt. Ba choir an deis seo a thabhairt dóibh sula nglactar leis an gcinneadh. Is féidir cruinniú a shocrú chun a scéal a insint agus ceisteanna a chur. Má theipeann orthu teacht ag an gcruinniú seo, is gá don phríomhoide scríobh chuig na tuistí ag cur dáiríreacht an chruinnithe athscéidilithe in luí agus má theipeann orthu a bheith ann go leanfaí an próiseas. Is gá taifead a choinneáil dena nótaí seo.

Tréimhse na Fionraí:

- Ní choir mac léinn a chur ar fionraí ar feadh tréimhse níos faide ná 3 lá, ach amháin i gcúinsí eisceachtúla ina bhfuil an PO den tuairim go bhfuil tréimhse níos faide ná 3 lá de dhíth chun cuspóir faoi leith a bhaint amach. Sa chás go bhfuil níos mó ná 3 lá i gceist, is gá é a atreorú chuig an mBord Bainistíochta.
- Is féidir leis an mBord an PO a údarú, le ceadú an Chathaoirligh, fionraí a ghearradh ar feadh tréimhse suas le 5 lá i gcás nach féidir cruinniú Boird a thionól go tráthúil.
- Ba chóir don Bhord teorainn, de ghnáth, 10 lá a chur le tréimhse amháin fionraí ar bith.
- Ba chóir don Bhord aithbhreithniú a dhéanamh, sachas go gciallódh aon tréimhse fionraí go mbeadh ós cionn 20 lá as láthair in aon scoil bhliain reatha. Tá fionraí mar seo faoi réir achomhairc faoi alt 29 den Acht Oideachais, 1998.

Achomharc:

Ba chóir don Bhord deis a thabhairt achomharc a dhéanamh ar chinneadh an PO mac léinn a chur ar fionraí. Sa chás go ndéanann an Bord an cinneadh, féadfaidh an Pátrún an próiseas a sholáthar.

Sa chás go bhfuil dalta ar thréimhse fionraí a thabharfadh iomlán na fionraí níos mó ná 20, is féidir le tuistí cur isteach ar achomharc faoi Alt 29.

Ag an am a mbíonn an fionraí á chur in iúl dóibh, is gá iad a chur ar an eolas maidir lena gceart achomhairc d'ÁrdRunaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, agus caithfear an t-eolas a thabhairt ar an gcur chuige cuí.

An Fionraí a chur i ngníomh:

- Fógra i Scribhinn: caithfidh an litir na pointí seo a leanas a chlúdú:
 - Tréimhse na fionraí agus na dátaí tosaithe agus deiridh
 - Clár staidéir ar bith le leanúint
 - Socraithe ar fhilleadh ar scoil agus gealltanais ar bith a gcaithfidh an mac léinn agus na tuismitheoirí a thabhairt
 - Foráil achomhairc don Bhord Bainistíochta
 - Ceart achomhairc d'Árd-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta
 - Cuirtear an EWO ar an eolas maidir leis.

Is féidir deireadh a chur le fionraí má chineann an BB nó ma threoraíonn an Ard-Rúnaí na Roinne don scoil an fhionraí a bhaint.

Ag dalta á ath-imeascadh, caithfear plean a chur le chéile chun cabhrú leis/leí i dtaobh oibre a chaill sé/sí amach air. Nuair a thagann deireadh le tréimhse fionraí, ba chóir go mbeadh scláta glan ag an dalta agus é/í ag teach tar ais chun na scoile. Cad a éilítear ar dhalta, tuismitheoir(i) agus baill foirne nuair atá an tréimhse

Taifead agus Tuairisciú

- Ba choir taifid fhoirmiúla, scríofa a choinneáil ar
 - An imscrúdú (agus nótaí ar gach agallamh)
 - An bpróiseas cinnteoireachta
 - An gcinneadh agus réasúnaíocht an chinnidh
 - Fhad na fionraí agus coinníollacha ar bith ceangailte leis an bhfionraí
- Ba choir don Phríomhoide tuairisc a thabhairt ar gach fionraí don Bhord Bainistíochta
- Tá sé de cheangal ar an bPríomhoide fionraithe a thuairisciú de réir threoirínté tuairiscithe an BNLO (an tAcht Oideachais (Leas), 2000, alt 21(4)(a))

Déanfaidh an Bord aithbhreithniú ar úsáid na fionraí ar bhonn rialta chun a chinntiú go bhfuil a húsáid i gcomhréir le polasaithe na scoile.

Díbirt (eisiámh buan)

Faoin Acht Oideachais (Leas), 2000, 'Ní dhéanfar mac léinn a dhíbirt as scoil sula mbeidh 20 lá scoile caite tar éis d'oiúigeach leasa oideachais fógra a fháil faoin alt seo.' (Alt 24(4)). Tá sé de cheart ag an mBord Bainistíochta '...cibé bearta réasúnacha eile is cuí leis a dhéanamh chun a chinntiú go gcoinneofar dea-ord agus smacht sa scoil lena mbaineann agus go n-áiríteofar sábháilteacht na mac léinn.' (Alt 24(5))

Is céim olltromchúisesach é. Ba chóir don scoil bheith tar éis bearta suntasacha a chur i bhfeidhm le dul i ngleic leis an mí-iompar chun díbirt an mhic léinn a sheachaint, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí.msh

- Bualadh le tuistí agus leis an mac léinn le hiarrachta a dhéanamh dóigheanna a fháil lena n-iompar do-ghlactha a athrú
- A chinntiú go dtuigeann an mac léinn torthaí féideartha a n-iompair, dá leanfadh sé ar aghaidh
- A chinntiú go bhfuil iarracht déanta gach rogha eile a chfóradh
- Cuidiú a iarraidh ar ghníomhaireachtaí tacaíochtaí (NEPS/HSE/SESS/ srl)

Is féidir go mbeadh díbirt ina thoradh ar chéad chion i gcásanna faoi leith m.sh

- Bagairt tromchúiseach foréigin in aghaidh mic léinn nó baili foirne
- Foréigean nó ionsaí iarbhír
- Ag soláthar drugaí mídhleachtaha do dhaltaí eile sa scoil
- Ionsaí gnéasach.

Nósanna Imeachta i ndáil díbirt (féach lch 86 treoirlínte NEWB):

- Imscrúdú Sonrach faoi stiúir an Phríomhoide: -
 - *mac léinn agus tuismitheoirí a chur ar an eolas faoin mhí-iompar líomhnaithe, an chaoi go ndéanfar an imscrúdú agus go bhféadfadh le díbirt a bheith mar thoradh air*
 - *gach deis a thabhairt dona tuismitheoirí agus don mhac léinn freagairt don ghearán go raibh mí-iompar tromchúiseach ann sula nglacfaí cinneadh smachtbhanna a ghearradh*
 - *Ba chóir iad a chur ar an eolas i scríbhinn ionas go mbeidh taifead buan ann.*
 - *I gcás go mbeidh díbirt mar thoradh, is gá go mbeadh cruinniú ann – tugann sé seo deis dóibh ceisteanna a chur agus a dtaobh a insint*
 - *Má theipeann ar mhac léinn agus a t(h)uismitheoirí freastal ar an gcrúinniú, ba chóir don Phríomhoide scríobh chucu ag cur in iúl dóibh go bhfuil an scéal tromchúiseach, go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le freastal ar chruinniú athsceidealaithe agus má theipeann orthu sin a dhéanamh, go mbeidh dualgas ar údarais na scoile cinneadh a ghlacadh freagairt don iompar diultach. Ba choir don scoil taifead a choinneáil de chuirí a seoladh agus freagraí a fuarthas.*
- Moladh ón bPríomhoide chuig an mBord Bainistíochta:
 - *I gcás go bhfuil an PO den tuairim go bhfuil díbirt tuillte ag an mac léinn, cuireann an PO seo ós chomhair an bhoird. Ba choir don PO:*
 - *A achur in iúl dona tuismitheoirí agus don mhac léinn go bhfuil iarrtha ar an mBord Bainistíochta díbirt a bhreithniú*
 - *A chinntiú go bhfuil taifid ag na tuismitheoirí ar na líomháintí in aghaidh a mhic léinn, ar an imscrúdú, agus ar fhógra scríofa de na forais ar a bhfuiltear ag iarraidh ar an mBord Bainistíochta díbirt a bhreithniú.*
 - *Na taifid chuimsitheacha chéanna a sholáthar don Bhorde Bainistíochta a tugadh do na tuismitheoirí*
 - *Na tuistí a chur ar an eolas maidir le dáta na héisteachta a bheith á reachtáil ag an mBB agus cuireadh a thabhairt dóibh freastal ar an éisteacht sin.*
 - *Comhairle a chur ar na tuistí gur féidir leo aighneachtaí scríofa agus ó bhéal a chur faoi bhráid an Bhoird*
 - *A chinntiú gur tugadh dóthain fógra dona tuismitheoirí ionas go bhféadfaidís ullmhú don éisteacht*

- Breithniú an Bhoird ar mholadh an Phríomhoide agus éisteacht a reáchtáil:
 - *Is gá aithbhreithniú a dhéanamh ar an réamhinscrúdú agus a bheith deimhin de gur reachtáladh an t-inscrúdú i gceart de réir gnáthaimh chóra.*
 - *Déanfaidh siad aithbhreithniú ar an doiciméadú go léir agus ar chúinsí uile an cháis*
 - *Cinntoidh an bord nach bhfuil éinne páirteach sa chinneadh a raibh páirt acu sa chás.*
 - *Sa chás go gcinntear ar dhíbirt, reachtálfar éisteacht – sa chás sin, cuireann an PO agus na tuistí a gcás ós chomhair an bhoird ós chomhair a gcéile – is féidir fianaise a chéile a cheistiú ag an bpointe seo.*
 - *Dualgas ar an mBord a bheith naomhchlaonta anseo.*
 - *Tar éis na héisteachta, déanfaidh an Bord breithniúchán – gan an PO nó tuistí a bheith ann.*
- Breithniú an Bhoird agus bearta i ndiaidh na héisteachta:
 - *Is gá don bhord cinneadh a dhéanamh ag an bpointe seo.*
 - *Sa chás go gcinntear an dalta a dhíbirt, is gá an Oifigeach Leasa Oideachais a chur ar an eolas i scríbhinn, agus na cúiseanna atá leis (An t-Acht Oid (Leas) 2000, a24(1)) Ní féidir an mac léinn a dhíbirt go dtí go bhfuil 20 lá caite ón lá ar a bhfaigheann an OLO an fógra i scríbhinn.*
 - ***Eireoidh le hachomharc go huathoibríoch faoi alt 20 más féidir a léiriú nár cuireadh an OLO ar an eolas nó nach bhfuil 20 lá caite ón dáta a fuair an tOLO fógra go dtí cur i gníomh na díbeartha.***
 - *Ba chóir don Bhord a chur in iúl do thuismitheoirí i scríbhinn faoina tháil agus na chéad chéimeanna eile sa phróiseas. – ba chóir a rá ag an bpointe seo go bhfuil an Bord ag dul chuig an OLO.*

2.

- Comhairleachán arna n-eagrú ag an Oifigeach Leasa Oideachais
 - *Laistigh de 20 ón bhfógra a fháil is gá don OLO:*
 - *Gach iarracht réasúnta a dhéanamh comhairleacháin aonair a bheith ann leis an bPO, leis na tuistí agus le haon duine eile a d'fhéadfadh cabhaira thabhairt*
 - *Cruinniú a thionól leis na páirithe a aontaíonn a bheith i láthair*
 - *Sa chás nach féidir an dalta a thógáil ar ais sa scoil, ba chóir dóibh siud atá páirteach sa chás teacht le chéile leis an OLO agus pleanáil le haghaidh todhchaí oideachais an mhic léinn.,*
 - *Is féidir leis an mbord cinneadh a dhéanamh ag an bpointe seo go gcoinneofaí an dalta amach ar fionraí le linn an phróisis seo chun sábhailteacht na foirne agus na ndaltaí eile a chinntiú.*
- Dearbhú ar an gcinneadh an mac léinn a dhíbirt:
 - *Tar éis 20 lá don OLO fógra a fháil, agus an bord fós den tuairim gur chóir an dalta a dhíbirt, dearbhóidh an BB i scríbhinn go bhfuil sé cinnte acu an mac léinn a dhíbirt.*
 - *Cuirfear na tuistí ar an eolas láithreach*
 - *Inseofar dóibh maidir lena gcearta i dtaobh achomhairc – tabharfar foirm caighdeánach dóibh agus coinneofar taifid de seo ar fad*

Achomhairc

Faoi Alt 29 den Acht Oideachais, 1998, féadfaidh tuismitheoirí (nó mic léinn a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe acu) achomharc a dhéanamh chun Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta in aghaidh roinnt cinní an Bhoird Bhainistíochta, lena n-áirítear (1) eisiaimh buan ó scoil agus (2) fionraíocht ar feadh tréimhse a chiallódh go mbeadh tréimhse fionraíochta iomlán de 20 lá scoile nó níos mó in aon scoilbhliain amháin slánaithe ag dalta. Mar sin, ní mór do scoileanna tuismitheoirí a chur ar an eolas faoin gceart achomhairc sin má shocraítear dalta a chur ar fionraí nó a eisiaimh go buan ón scoil. De ghnáth, ní mór achomhairc a dhéanamh laistigh de 42 lá féilire ón dáta a cuireadh an tuismitheoir nó an dalta ar an eolas faoi chinneadh na scoile. (Féach Imlitir 22/02)

- Cuirfear tuistí ar an eolas maidir lena gcearta i dtaobh seo. Míneofar gur féidir cóip den imlitir (22/02) a lorg ón oifig agus go bhfuil na foirmeacha a achomhairc a fháil ón oifig má theastaíonn siad uathu.

6. Taifid a Choinneáil

Scríobhtar cúntais ar bhealach fíorasach neamhchlaonta

Leibhéal ranga

- o Coinníonn gach múinteoir taifead d'aon eachtra iompair míchuí (taobh amuigh de ghnáth imeachtaí ranga). Coinnítear taifead de seo i Lámhleabhar an Mhúinteora. Má tá cruinniú tar éis a bheith ann le tuismitheoir, ba choir taifead gairid nó níos sonrúla (ag braith ar an gcás). I gcás go bhfuil feabhas ag teacht ar an iompar, is fiú taifead a dhéanamh de seo.
- o Ba choir an PO a choinneáil ar an eolas i gcás go bhfuil fadhbanna iompair leanúnacha ann nó go bhfuil mór bhriseadh rialacha ann.

o

An Clós Súgartha

- o coinníonn baill foirne ag déanamh feitheoireachta cúntais ar dhrochiompar. Bíonn cóipleabhar iompair agus timpistí agus na ticéid Ghaeilge ag an múinteoir ar an gclós. Nuair a tharlaíonn cás do dhrochiompar, déantar nóta dó sa chóipleabhar. I gcás drochiompar leanúnach nó mór bhriseadh rialacha nó eile cuirfidh an múinteoir an múinteoir ranga ar an eolas faoi. Beidh an leabhar seo sa Seomra Foirne,

8. Tagairt do Pholasaithe eile

Seo na beartais scoile eile a mbíonn tionchar acu ar an gcód iompair e.g.

- o Plean OSPS
- o Frithbhulaíocht
- o Clárú
- o Sláinte & Sábháilteacht
- o Éiteas ginearálta na Scoile
- o Polasaí Labhairt na Gaeilge

Critéir Rathúlachta

- Iompar dearfach breathnaithe i seomraí ranga, sa chlós súgartha agus sa timpeallacht scoile
- Cleachtais agus nósanna imeachta a liostaítear sa pholasaí seo curtha i bhfeidhm go leanúnach ag múinteoirí
- Aiseolas dearfach ó mhúinteoirí, tuismitheoirí agus daltaí
- Go bhfuil an Ghaeilge le cloisteáil mar theanga cumarsáide timpeall na scoile.

Ról agus Freagrachtaí

- Tá ról ag an mBord le cinntiú go bhfuil timpeallacht shábháilte, chompordach curtha ar fáil d'fhoireann agus dhaltáí na scoile.
- Tabharfaidh an Bord tacaíocht do Phríomhoide agus fhoireann na scoile i gcur i bhfeidhm an pholasaithe seo.
- Tá Ról ag an mBord an Polasaí seo a dhaigniú.
- Beidh ról ceannaireachta ag Príomhoide na scoile maidir le cur i bhfeidhm an pholasaithe seo, ach tá freagrach lánach ag baill foirne chomh maith.
- Déanfaidh an Príomhoide cur i bhfeidhm an bheartais seo a chomhordú agus a mhonatóireacht.
- beidh ról ag daltaí na scoile i mbainistiú a gcuid iompair tríd cloí le rialacha na scoile agus cabhrú le dea-atmaisféar a chosú.
- beidh ag tuismitheoirí na scoile i mbainistiú iompar a gcuid páistí tríd na bealaí thuas luaite faoi rannóg na dtuistí.

Dáta don chur i bhfeidhm

Cuirfear an plean seo i bhfeidhm go hoifigiúil ar an 7/1/09

Clár ama don Athbhreithniú

Déanfar aithbhreithniú ar an bplean seo i mí Dheireadh Fomhair 2011.

Rinneadh aithbhreithniú air i 2011. Déanfar aithbhreithniú air arís i 2013.

Rinneadh aithbhreithniú air seo i 2014. Déanfar é a aithbhreithniú arís i 2015/16

Rinneadh é a aithbhreithniú i 2015 – déanfar é a aithbhreithniú arís i 2016/17

Rinneadh é a aithbhreithniú i 2016 – déanfar é a aithbhreithniú arís i 2017/18

Rinneadh é a aithbhreithniú in 2018 – déanfar é a aithbhreithniú arís in 2019/20

Daingniú & Cumarsáid

Dhaingnigh an Bord Bainistíochta an polasaí go hoifigiúil ag cruinniú boird mí na Nollaig 2008 .

Daingníodh an leagan seo ag cruinniú boird mhí na Samhna 2014 ar an 24/11/14.

Daingníodh an leagan seo a gcruinniú boird mhi DF 2015 ar an 19/10/2015

‘

Daingníodh an leagan seo ag cruinniú boird Mheán Fomhair ar an 26/9/16

Daingníodh an leagan leasaithe ag cruinniú boird 19/2/18

Daingníodh an leagan leasaithe ag cruinniú boird 26/8/20

Siniú an Chathaoirligh: _____ Micheál Mac Mathúna _____

Dáta:

_____ 26/8/20 _____

